Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0073 (APP)**

**7638/1/20**
**REV 1**

**DRS 8**
**SOC 250**
**SE 1**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| dar dáta: | 4 Bealtaine 2020 |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le bearta sealadacha a bhaineann le cruinnithe ginearálta cuideachtaí Eorpacha (SE) agus Comharchumann Eorpach (SCE)<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid |

1. An 29 Aibreán 2020, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle a thogra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le bearta sealadacha a bhaineann le cruinnithe ginearálta cuideachtaí Eorpacha (SE) agus Comharchumann Eorpach (SCE)[1].

2. Is é is aidhm don togra seo bearta éigeandála sealadacha, i gcomhthéacs staid eisceachtúil COVID-19, i ndáil le dhá rialachán maidir le cuideachtaí Eorpacha[2] agus Comharchumainn Eorpacha[3], trína cheadú do na cuideachtaí sin a gcruinnithe ginearálta a thionól laistigh de 12 mhí ó dheireadh na bliana airgeadais seachas laistigh de 6 mhí, ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2020.

1 7656/20
2 Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 i dtaca leis an Reacht um Chuideachta Eorpach (SE) (IO L 294, 10.11.2001, lch. 1).
3 Rialachán (CE) Uimh. 1435/2003 ón gComhairle an 22 Iúil 2003 i dtaca leis an Reacht maidir le Comharchumann Eorpach (SCE) (IO L 207, 18.8.2003, lch. 1).

3. Chuathas i gcomhairle leis na toscaireachtaí an 29 Aibreán 2020 le doiciméad WK 4446/20 agus socraíodh 10:00 an 4 Bealtaine 2020 mar spriocdháta le haghaidh barúlacha maidir leis an togra. Tar éis an chomhairliúcháin sin, ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an togra ná ar úsáid an nós imeachta i scríbhinn chun toiliú Pharlaimint na hEorpa a iarraidh. Tá an téacs a d'eascair as an gcomhairliúchán sin agus ar ar chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch in 7648/20.

4. I gcomhréir le hAirteagal 352(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Chomhairle an Rialachán, ag gníomhú di d'aon toil, a ghlacadh tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

5. I bhfianaise na staide eisceachtúla atá ann faoi láthair, ní mór dul ar aghaidh go práinneach.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:

- a mholadh go gcinnfidh an Chomhairle toiliú Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar bhonn an dréacht-Rialacháin ón gComhairle maidir le bearta sealadacha a bhaineann le cruinnithe ginearálta cuideachtaí Eorpacha (SE) agus Comharchumann Eorpach (SCE), mar a leagtar amach é tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur air in 7648/20;

- a aontú an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 19(7) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, don chinneadh thuasluaite ón gComhairle.